 Riarachán Gréasáin de Ghnóthais Bheaga

Altranais

Baitsiléir Eolaíochta Altranais le haghaidh
 RGNanna
 Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Altranais le
 haghaidh RGNanna

3.7 Tarmligean Údaráis chun Dámhachtainí a dhéanamh

Thug painéal idirnáisiúnta de chuid HETAC cuairt ar an Institiúid chun iarratas DKIT ar Tharmligean chun Dámhachtainí a dhéanamh a bhreithniú. Chuaigh torthaí an phainéil ina dhiaidh sin chuig Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann le haghaidh daingniú. Rinne an painéal anailís dhian ar gach gné de chórais bhainistithe cáilithe acadúla na hInstitiúide agus bhí siad sásta gur chomhlíon an Institiúid na critéir Tarmligthe suas go Leibhéal 9 de Chreatoibre Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus an leibhéal sin san áireamh. Tharla an searmanas sínithe do bhaint amach an Tarmligean Údaráis ar an 4ú Deireadh Fómhair 2004.

3.8 Nuacht Scoile

3.8.1 An Scoil Gnó & Daonnachtaí

Bliain ab ea 2004/2005 inar tharla mórán athruithe agus forbairtí sa scoil. De bharr athstruchtúradh ar scoileanna na hInstitiúide aistríodh dhá chlár a ceapadh i nGnó & Daonnachtaí chuig an Scoil Faisnéisíochta. Lean an scoil le roll amach ceithre chlár nua ag leibhéal 6, 7 agus 8.

Lean an ghníomhaíocht idirnáisiúnta mar a ndearnamar infheistíocht shuntasach i gcur chun cinn na hInstitiúide mar cheann scríbe oideachais do mhic léinn ón Eoraip agus ón Áise.

Bhí líon mór mac léinn ag teacht chugainn i gcónaí cé gur thit líon na mac léinn iomlán agus cláraithe chéad bliana beagán. Tharla sin i ngeall ar aistriú dhá chlár chuig an Scoil Fhaisnéisíochta.

Ba bheag athrú a tháinig ar thorthaí scrúdaithe ag leibhéal dámhachtainí ó 2003-2008; bronnadh dámhachtain ar 84% de mhic léinn.

Príomhtháscairí Feidhmíochta

Líon na Mac Léinn	2003/2004	2004/2005
Líon Lánaimseartha	1677	1597
An Roinn Gnó	678	552
Roinn na nDaonnachtaí	380	380*
An Rannóg Fáilteachais	132	180
An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais	487	485
Líon Cláraithe Chéad Bhliana		
Líon Lánaimseartha	690	656
An Roinn Gnó	287	266
Roinn na nDaonnachtaí	185	165
An Rannóg Fáilteachais	83	124
An Roinn Staidéar Bainistíochta & Airgeadais	135	101
Dámhachtainí Mac Léinn %		
Líon Mac Léinn i mBliain Dámhachtana	679	661
Onóracha / Gradam den Chéad Scoth	4%	8%
Onóracha den Dara Aicme Grád 1/Tuillteanas	17%	19%
Onóracha den Dara Aicme Grád 2/Tuillteanas	34%	33%
Gradam Pas	28%	25%
Cláir		
Líon na gClár Lánaimseartha	35	37
Líon na gClár Páirtaimseartha	2	3

* Sa bhliain 2004/5 aistríodh an Baitsiléir Ealaíon in Ilmheáin Chumarsáide agus an Baitsiléir Ealaíon i gCeol Feidhmeach chuig an Scoil Faisnéisíochta, aistriú de 119 mac léinn.


Clár Chéad Bliana de réir Cláir

Clár	03/04	04/05
BA(Onór) i gCuntasaíocht agus Airgeadas	77	61
BB (Onóracha) sa Mhargaíocht	58	40
Teastas i mBéarla Gnó & WS&C	0	28
Teastas Náisiúnta i Staidéar Gnó i mBainistíocht & Riarachán	216	189
Teastas Náisiúnta Staidéar Gnó in OIS	71	0
Ard-teastas Ghnó in OIS	0	77
BA i Staidéar Sóisialta Feidhmeach	0	34
ND. i Meáin Thráchtála (aistriú go Faisnéisíocht '04) HH	50	0
BA i gCeannaireacht Spóirt Phobail	0	58
BA i Staidéar Cultúrtha Feidhmeach	0	45
Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Sóisialta Feidhmeach	29	0
Dioplóma Náisiúnta i gCeannaireacht Spóirt Phobail	32	0
BA i gCeol Feidhmeach (aistriú go Faisnéisíocht '04)	27	0
Dioplóma Náisiúnta i Staidéar Cultúrtha Feidhmeach	47	0
BB i mBainistíochta Imeachtaí	0	22
BB i mBainistíochta Fáilteachais	0	19
Dioplóma Náisiúnta Staidéar Gnó i mBainistíocht Lónadóireachta	5	0
Dioplóma Náisiúnta Staidéar Gnó i mBainistíocht Fáilteachais	15	0
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil	31	32
Teastas Náisiúnta i Scileanna Fáilteachais	20	21
Teastas Náisiúnta Fáilteachais/Oifig Thosach an Tí	12	17
Teastas Náisiúnta i gCócaireacht Ghairmiúil	0	13
Iomlán	690	656

Cláir Nua Bailíochtaithe

BA (Onór) i gCaidreamh Poiblí
 Baitsiléir Staidéar Gnó i mBainistíocht & Riarachán
 Ardteastas Gnó
 BA (Onór) i gCeannaireacht Spóirt Phobail

Líon na Mac Léinn



3.8.2 An Scoil Innealtóireachta

Aistriú go Struchtúr Nua Dámhachtana


Le linn bhliain acadúil 2004-2005 chríochnaigh an Scoil an próiseas aistrithe go Dámhachtainí Nua, a chiallaigh mapáil a cúrsaí ar fad ar Cheatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí (CNC). Mar thoradh air sin, chinn an Scoil ar deireadh a chur de réir a chéile le sean-Theastais, Diplómaí agus Céimeanna Náisiúnta agus dámhachtainí nua Ard-teastais, Gnáthchéime agus Céime Onóracha a thabhairt isteach. Láithraíodh iad seo ar an gCNC nua ar leibhéal 6, 7 agus 8 faoi seach.

Forbairt Clár Nua

De réir na struchtúr nua dámhachtana, cheap an Roinn Innealtóireacht Leictreonach agus Leictreach gnáthchéim nua 3 bliana ón tús, an Baitsiléir Innealtóireachta i gCórais Leictreacha agus Leictreonach. Tíocfaidh an céim nua 3 bliana seo in áit an sean-Diplóma Náisiúnta Leictreonaice i nDearadh Táirgí agus Déantúsaíocht agus Seirbhís. Clár lán-mhodúlach ab ea an clár nua ó thaobh dearaidh agus thairg deiseanna don mhac léinn rogha a dhéanamh idir dearadh, fuinneamh inathnuaithe, ilmheáin, leictreonaic uathghluaisneach nó innealtóireacht leictreach dá bpríomhréimse staidéir. Bailíochtaíodh é go déanach sa bhliain acadúil agus beidh sé ar fáil sa bhliain 2005-2006. Ba í seo an chéad cheann de na Gnáthchéimeanna a thairg an Scoil.

Cheap an Scoil cúrsa nua Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Seirbhísí Tógála a bailíochtaíodh i dtreo dheireadh na bliana acadúla. Clár trí bliana ón tús ab ea é seo a bhí de réir bheartas na hInstitiúide maidir le leagan amach agus struchtúr clár.

Líon na Mac Léinn 2004/05 (An Scoil Innealtóireachta)



3.8.3 An Scoil Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach

Bunaíodh scoil nua sa bhliain 2004/05, an Scoil Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach. Tairgeann an Scoil seo raon éagsúil cúrsaí i réimse na ríomhaireachta, na hilmheán agus an cheoil. Féachann an Scoil le gnéithe teicniúla agus cruthaitheacha a chumasc le chéil chun céimithe a sholáthar ag a mbeidh na scileanna a bheidh oiriúnach do riachtanais an lae amárach agus oiriúnach don gheilleagar cruthaitheach domhanda atá ag teacht chun cinn. I measc na gcúrsaí atá anois ar fáil tá Teicneolaíochtaí Idirlín, Ilmheáin Chruthaitheacha agus Ceol Feidhmeach. Dhá Roinn is ea atá sa Scoil: An Roinn Ríomhaireachta agus Matamaitic agus an Roinn Ceoil agus Meán Cruthaitheach.

An Roinn Ríomhaireachta agus Matamaitice

Tairgeann an Roinn cúrsaí i ngach gné traidisiúnt den ríomhaireacht agus tá na téamaí sa raon ó fhorbairt bogearraí go líonraíocht, chomh maith le tacaíocht agus bainistiú theicneolaíocht na faisnéise. Cuirimid cúrsaí ar fáil chomh maith i dteicneolaíocht chluichíochta agus i ngnéithe eile de mheáin idirghníomhacha agus tacaímid le mórán cúrsaí ar fud na hInstitiúide. Meallann na cúrsaí raon éagsúil daoine agus tá siad ar fáil ag leibhéal éagsúla agus pointí iontrála acu a oirfidh do na mic léinn ar fad.

An Roinn Ceoil agus Meán Cruthaitheach

Chuirtear an-bhéim anseo ar dhéanamh ceoil, ar oideachas teicneolaíochta agus ar léirithe ilmheán agus úsáid theicneolaíochta ríomhaireachta chun raon leathan meán cumarsáide a chomhtháthú. Tugtar spreagadh do mhic léinn scileanna teicniúil a fhorbairt a bheidh riachtanach chun anailís chriticiúil a dhéanamh ar an gceol, ar na meáin agus ar shochaí an eolais, i dtéarmaí na teicneolaíochta agus i dtéarmaí a thionchar ar an tsochaí.

3.8.4 An Scoil Altranais, Cnáimhseachta, Sláinte agus Eolaíocht Feidhmí


Bunaíodh Scoil Altranais, Cnáimhseachta, Sláinte agus Eolaíochta Feidhmí nua sa bhliain acadúil seo agus is í an Dr. Siobhán O'Halloran ceannasaí nua na Scoile. Tharla sé sin i ndiaidh chinneadh an Rialtais oideachas altranais réamhchláraithe a aistriú ó Scoileanna Altranais in ospidéal go coláistí tríú leibhéal agus tá fás mór tagtha air ón uair a thosaigh sé. Tá cláir ar fáil anois in altranais, staidéar sláinte agus i gcnáimhseacht.

Saoráid nua is ea foirgneamh na Scoile a sholáthróidh saoráid oiliúna ar thús cadhnaíochta do mhic léinn agus ar an mbealach isteach san fhoirgneamh ábhar suntais is ea an mír ealaíne a coimisiúnaíodh ón ealaíontóir Eilís O'Connell darbh ainm 'The Appetite of Gravity'. Tá na scoil comhdhéanta de na Ranna agus den Rannóg acadúla seo a leanas mar aon le hIonaid Taighde cleamhnaithe:

- An Roinn Altranais, Cnáimhseachta agus Staidéar Sláinte
- An Roinn Eolaíochta Feidhmí


I measc na bpleananna don todhchaí tá bunú ionad taighde a bheidh cleamhnaithe leis an Scoil i ndiaidh chinneadh an Rialtais oideachas altranais réamhchláraithe a aistriú ó Scoileanna Altranais in ospidéal go coláistí tríú leibhéal agus tá fás mór tagtha air ón uair a thosaigh sé. Tá cláir ar fáil anois in altranais, staidéar sláinte agus i gcnáimhseacht.

Líon na Mac Léinn 2004/2005



Bronnadh Céimeanna 2004/2005

Líon Iomlán na gCéimithe



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2004 - 2005

CUID 4

Gníomhaíochtaí
Forbartha

4.1 Forbairt an Champais

This Rinneadh an-dul chun cinn i bhforbairt an champais le linn thréimhse na tuarascála seo. I ndiaidh sos náisiúnta i gcaiteachas caipitil ar an Tríú Leibhéal, d'fhoilsigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta tuarascáil de chuid Ghrúpa Athbhreithnithe an Údaráis um Ardoideachas maidir le tús áite a thabhairt do chaiteachas caipitil ar an earnáil tríú leibhéal sa bhliain 2004. Ina dhiaidh sin tugadh isteach athuair Clár na Mionoibreacha Cineachta i mí na Nollag 2004 agus tugadh formheas do chlár cistithe caipitil de €20 milliún don Institiúid chun tús a chur le hathchóiriú shaoráid Carroll's chun an Scoil Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach a lonnú ann. Tugadh an tionscadal Malartaithe Talún chun críche sa tréimhse seo agus cuireadh tús leis an obair ar an mBloc nua Bialanna agus Amharclanna i bhfómhar na bliana 2005 agus tá súil é a bheith críochnaithe faoi fhómhar nablana 2006.



D'fhéadfaí na príomhthionscadail caipitil agus a stádas i dtréimhse na tuarascála bliantúla a achoimriú mar seo a leanas:

Tionscadal	Luach	Staid Reatha
1. Tionscadal Malartaithe Talún	€8m	Síníodh Comhaontú Forbartha i samhradh 2005. Thosaigh an obair ar fhoirgneamh bialainne/amharclainne, bloc cóiríochta do mhic léinn agus forbairt óstán. Tá an bhialann/amharclann le críochnú faoi mhí na Nollag 2006, an chóiríocht do mhic léinn le críochnú i mí Lúnasa 2006 agus an óstán le críochnú faoi Mheán Fómhair 2007. I measc na bhforbairtí eile a beartaíodh bhí ionad spóirt, aonaid oifige ard-teicneolaíochta agus ionad seirbhísí do mhic léinn. Tá na tionscadail seo ag céimeanna forbartha dearaidh i láthair na huaire agus á bplé leis na Forbróirí, Fallstar Ltd.
2. Foirgneamh Altranais agus Staidéar Sláinte	€15m	Aistríodh an tsaoráid nua-aimseartha 4,350m ² chuig an Institiúid i mí Feabhra 2005. Cuirfear ar fáil ann clár fochéime altranais agus cláir ghaolmhara le maoiniú ón Roinn Sláinte agus Leanaí.
3. Síneadh ar an Ionad Forbartha Réigiúnaí	€20.6m	Críochnaíodh an leathnú, 750m ² seo ar an RDC i mí Feabhra 2005 le cistiú ó Fhiontraíocht Éireann agus urraíocht ón earnáil phríobháideach agus soláthraíonn sé 15 aonad gorlainne breise d'fhiontair ardteicneolaíochta a bhí ag tosú chomh maith le slí d'Ionaid Taighde agus Forbartha agus cláir Aistrithe Teicneolaíochta don Tionsclaíocht.
4. Tuirbín Gaoithe	€1.2m	Bhí an tionscadal seo ar an gcéad cheann ar an scála seo a lonnáiódh ar champas tríú leibhéal áit ar bith ar domhan, agus ba é an tAire Demot Ahern a lasc é go hoifigiúil i nDeireadh Fómhair 2005. Soláthroidh an t-aonad 850kw breis is leath de riachtanais na hInstitiúide maidir le fuinneamh leictreach.
5. Creis	€3m	Tá an fhorbairt agus an phleanáil dearaidh á tabhairt chun críche do chreis nua neamhspleách. Fuarthas deontas de €1m ó POBAL/ADM agus tá tairiscintí agus cistiú meaitseála á lorg ag an Institiúid chun an tionscadal seo a bhrostú.
6. Clár Tírdhrechtaithe	€0.5m	Tá clár mór tírdhrechtaithe, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2004, ag teacht chun deiridh. Cabhróidh an obair seo chun an campas bunaidh a chomhtháthú le láithreán Carroll's trí chineálacha cur chuige éagsúla i leith an tírdhrechtaithe. Tá súil an clár a chríochnú mar chuid de chlár athfhorbartha Carroll's agus gné ealaíne agus uisce ar thosach Carroll's a chur ar taispeáint arís.

4.2 Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

(a) Taighde

Le linn 2004/05, bhí raon bearta tacaíochta inmheánacha taighde á gcur i bhfeidhm ag an Institiúid, trí Fhochoiste Taighde na Comhairle Acadúla. Bearta ab ea iad sin a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2001/02 chun acmhainn agus cumas taighde a fhorbairt i raon réimsí straitéiseacha. I measc na mbeart bhí clár Ainmnithe Ionad Taighde, clár Tánaisteach Taighde, clár Síolchistithe Taighde agus scéim Deontas Taighde d'Oiliúnaithe. Chuidigh na cláir leis an bhfoireann ar spéis leo gníomhaíocht taighde fiúntach a fhorbairt ar son na hInstitiúide ags an réigiúin agus tharla fás ar ghníomhaíocht mhéadaithe taighde iarchéime dá bharr. Tá roinnt Ionad Taighde tagtha chun cinn agus ainmníodh iad go foirmiúil.

Is iad seo:

- ☛ An tIonad um Thaighde ar Fhiontraíocht (www.centreforentrepreneurshipresearch.com)
- ☛ An tIonad Taighde um Fhorbairt Bogearraí (ww2.dkit.ie/r_and_d/storc)

Lena chois sin tá roinnt Ionad eile ag teacht chun cinn, lena n-áirítear;

- ☛ An tIonad um Fhuinneamh Inathnuaite (www.credit.ie)
- ☛ An tIonad Taighde ar Mhatán Mín (www.smoothmuscleresearch.org)
- ☛ Ionad Netwell (www.netwellcentre.ie)
- ☛ An tIonad Náisiúnta um Staidéar Fionnuisce (www.dkit.ie/NCFS)

Sa tréimhse 2004/2005 ghnóthaigh Taighdeoirí agus Ionaid ioncam Taighde agus Forbartha de tuairim is €3.5 milliún.

(b) Goradh

Tugadh leathnú €2.6 milliún ar an Ionad Forbartha Réigiúnaí, a chuir 15 aonad leis le haghaidh fiontair nua nuálacha, i mí Feabhra 2005. Tá tús curtha le gníomhaíochtaí ag gorlann píolótach Chnoc an Mhúilinn chomh maith. Tá an dá ghorlann i dteannta a chéile ag soláthar áit do fhiontair nua agus do thionscadail taighde agus forbartha mar seo a leanas:

An tIonad Réigiúnach Forbartha

Teideal na Cuideachta /Eagraíochta Gníomhaíocht

Meedja Ltd.	Forbróir cluichí agus feidhmchláir bunaithe ar an nGréasán. Soláthraíonn an chuideachta táirgí ardchaighdeán i réimse cluichí Gréasáin agus CD-rom. Córais bhainistíochta ineachair ríomhfhoghlama, seó cluiche teilifíse Bogearraí agus dlúthdhioscaí bunachar-tiomáinte.
Utopia Business	Cuideachta dearaidh bogearraí ar speisialtacht di forbairt réitigh bhogearraí ghnó a rithean ar ghléasanna gluaiстеacha éagsúla taistil.
Academia Media	Forbraíonn táirgí oideachais TFC a dhéanann an fhoghlaim níos fusa. Speisialtacht de chuid an ghnó seo is ea seisiúin teagaisc idirghníomhacha agus scrúduithe a fhorbairt a bheidh dírithe ar mhic léinn sna blianta deireanacha den dara leibhéal agus sna chéad bhlianta den tríú leibhéal.
Element Design	Comhairleacht nuálach dearaidh ghrafaigh, a dhéanann sainfheidhmiú ar Dhearadh, Ríomhfhoghlaim, Fógraíocht agus Margaíocht. Le cois dearadh don phriontáil, tairgeann siad réitigh iomlána meán ríomhfhoghlama ar a n-áirítear grafaic idirghníomhach, beochain tarraingteacha, samhlacha tríthoiseacha agus ábhair oiliúna nuálacha.
My Wise Home	Forbraíonn na bogearraí a mhaoirsíonn líonraí casta gan sreang sa bhaile.
Ecotherm Environmental Solutions	Déanann sainfheidhmiú ar dhearadh, tógáil agus suiteáil córas pumpála teasa do thithe agus d'fhoirgnimh. San áireamh anseo tá tithe nua, aiséistiú i dtithe atá cheana ann, chomh maith le foirgnimh thráchtála agus thionsclaíochta. Baineann pumpaí teasa geiteirmeacha úsáid as teas nádúrtha an domhain chun do theach nó d'oifig a théamh.
Inspired Learning Systems	Dearann, dáileann agus díolann táirgí ilmheán oideachais agus spraoi bunaithe ar an gcuraclam agus ar chúrsaí spóirt.

PERA	Grúpa comhairleach agus oiliúna idirnáisiúnta bunaithe ar an teicneolaíocht a sholáthraíonn an saineolas do ghnónna chun go mbeidh rath orthu trí réitigh theicneolaíochta úrna a fhorbairt agus straitéisí domhanda a chur i ngníomh.
Big Mountain Productions	Cuideachta léirithe teilifíse a dhéanann sainfheidhmiú de dhrámaíocht sa leagan amach bunaidh agus siamsaíocht bunaithe ar fhíricí do mhargáí náisiúnta, na RA agus an domhain.
The Cost Clinic	Bogearraí barrfheabhsaithe ó thaobh costais a fhorbairt chun gur féidir le cuideachtaí costais ionchuir a laghdú.
CoCo Ventures	Cuideachta bogearraí a bhfuil i gceist aici táirge nua uathúil bunaithe ar an Idirlíon a cheapadh do pháistí. Díreofar an táirge ar an aoisghrúpa 5-16 agus seolfar é in Éirinn agus sa RA i dtús báire.
The North South	Oibríonn an NSEC thar ceann Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta in Éirinn. An sainordú atá acu i láthair na huairé ná moltaí togra a dhéanamh don dá Roinn maidir le malartuithe agus gníomhaíochtaí comhair sa todhchaí idir aos óg agus scoileanna sa Tuaisceart agus in Éirinn.
Oriel Windfarm Ltd	Cuideachta fuinnimh inbhuanaithe agus inathnuaite í seo a bunaíodh chun feirmeacha gaoithe a fhorbairt amach ó chósta na hÉireann. Is é chéad tionscadal na cuideachta feirm ghaoithe a fhorbairt i Muir Éireann thuaidh thiar.
Brain Power	Déanann an chuideachta seo sainfheidhmiú de bhogearraí a dhéanann an mhatamaitic níos fusa. Is iad a dtáirgí siúd na feidhmchláir ríomhfhoghlama matamaitice is éifeachtaí ar an margadh. An bunchuspóir atá acu ná teacht a thabhairt ar mhatamaitic don uile dhuine tríd an teicneolaíocht.
Blueacre Technology	Bunaíodh an chuideachta seo chun modhanna nua a fhorbairt le gléasanna ingearacha ardchomhtháite a dhéanamh le teicneolaíocht foinsé léasair na chéad ghlúine eile. Is i réimse sheachadadh drugaí rialaithe trasdeirmeacha is mó a úsáidfear na fearais seo.
Mobiun Ltd	Cruthaíonn an chuideachta seo teicneolaíocht agus réitigh do shásanna láimhe fón póca le haghaidh roinnt móreagraíochtaí.
Nestling Product	Tionscnamh comhoibritheach is ea é seo i dTuaisceart Éireann, dírithe ar dhul chun cinn a dhéanamh i dteicneolaíochtaí braiteora agus i dteicneolaíochtaí TFC ag an mbaile chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do sheandaoine a chónaíonn go neamhspleách sa phobal.
Dundalk Learning	Tionscnamh TFC de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ó TF Scoileanna 2000 faoi choimirce an Ionaid Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas. The project co-ordinates a number of ICT activities.

Ionad Forbartha Chnoc an Mhuilinn

Teideal na Cuideachta/ Eagraíochta	Gníomhaíocht
Córais Armac	Déanann an chuideachta seo sainchúram de réitigh bhogearraí fardail a cheapadh agus a chur ar an mhargadh do na hearnálacha aerspáis agus cothabhála. Seirbhísiúnn Armac margáí domhanda sna hearnálacha aerspáis agus tionsclaíochta.
Redmere Technology	Féachann an chuideachta seo le leathsheoltóirí sealchumhachta ardluais a dheardh agus a dhíol sna margáí físteípe agus ilmheán.
Salix Software	Forbraíonn an chuideachta seo bogearraí a ofráilfidh nascacht do sheirbhísí ríomhaireachta. Baineann na príomhghnéithe teicneolaíochta agus nuálacha le haois mhór na hailtíreachta agus an tsoghluaisteacht, simplíocht agus costas íseal na hoibríochta dá éis.

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA DHÚN DEALGAN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2004 - 2005

CUID 5

Cuntais
Iniúchta
2005

Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005 iniúchta agam faoi Acht na gColáiste Teicniúla Réigiúnacha 1992.

Tá na ráitis airgeadais a réitíodh faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach iontu, comhdhéanta de Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Cainteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas an Sreafa Airgidh agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Faoi Seach na hInstitiúide agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Institiúid freagrach as ráitis airgeadais a réiteach de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus chun rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Réitíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta aige in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid bhaill an Bhoird Stiúrtha leagtha amach i Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide.

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlí agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais amharc fírinneach agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta aige in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé ar coimeádadh leabhair chearta cuntais, i mo thuairim. Lena chois sin, dearbhaim cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le leabhair na gcuntas.

Tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nár caitheadh airgead chun na críocha a ceapadh dó nó i gcás nach ngéilleann na hidirbhearta do na húdarais a rialaíonn iad.

Tuairiscím chomh maith cibé an bhfuair mé gach eolas agus míniú riachtanach chun críche m'iniúchta.

Athbhreithníim cibé an léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht na hInstitiúide do dhréacht-threoir maidir le rialachas corparáideach eisithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nach amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhleanúnach le heolas eile a bhfuil teacht agam air ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Níl aon cheangal orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach gach riosca agus rialú airgeadais, nó teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

An Bunús leis an Tuairim Iniúchta

I gcomhlíonadh na feidhme atá agam mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (RA agus Éire) a d'eisigh Bord na gCleachtas Iniúchóireachta agus ag tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Áirítear mar chuid den iniúchadh, ar bhonn trialach, scrúdú tástála ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus nithe a nochtar sna ráitis airgeadais agus rialtacht na n-idirbhearta airgeadais atá san áireamh sna ráitis airgeadais. Áirítear mar chuid de freisin, measúnú ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breithiúnais a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta i leith chúinsí na hInstitiúide, agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go leanúnach agus á nochtadh mar is ceart.

Phleanáil agus rinne mé an iniúchóireacht chun a theacht ar an eolas agus ar na mínithe ar fad amheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dom a thabharfadh deimhniúreasúnta go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíthuairisc dá mbeadh sin déanta trí chalaos nó trímhírialtacht nó earráid eile. Chun teacht ar mo thuairim, mheas mé fiúntas an eolais a tugadh tríd is tríd sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Coitianta in Éirinn, ar an riocht ina bhfuil cúrsaí na hInstitiúide ar 31ú Nollaig 2005 agus ar a ioncam agus a chaiteachas rith na bliana dar críoch ar an dáta sin.

Dar liom, choimeád an Institiúid leabhair chuntais mar ba chúí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Purcell
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
22 Nollaig 2006.

Sliochtanna ón Tuarascáil Airgeadais:

Cuntas Ioncaim Chomhdhlúite & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2005.

	NÓTA	2005 Euro '000	2004 Euro '000
Ioncam			
Deontas Stáit	1	18,789	18,019
Scaoileadh ón gCuntas Caipitil	18	3,247	2,602
Táillí Teagaisc	2	6,107	5,264
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	3	2,841	2,574
Ioncam ó Ús	-	172	4
Comhairleacht Taighde & Forbairt	4	3,594	1,658
Ioncam Eile	5	4,039	4,404
		38,789	34,525
Caiteachas			
Ranna Acadúla	6	21,416	18,943
Seirbhísí Acadúla	7	1,313	1,059
Áitreabh	8	2,253	2,146
Riarachán Lárnach & Seirbhísí	9	3,665	3,973
Costais Ghinearálta Oideachais	10	246	312
Saoráidí & Áiseanna Mac Léinn	11	1,783	1,236
Comhairleacht Taighde & Forbairt	4	3,853	1,647
Dímheas	15	3,263	2,31
Eile	12	1,907	2,206
	13	39,699	33,973
Barrachas/Easnamh Oibríochta			
Aistriú go Cúlchiste Srianta	26	(910)	552
		(51)	(539)
		(961)	13
(Easnamh) Carntha ag Tús Bliana			
		(369)	(382)
(Easnamh) Carntha ag Deireadh Bliana			
		(1,330)	(369)

Cuid de na ráitis airgeadais is ea Nótaí.

Sliochtanna ón Tuarascáil Airgeadais:

Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail ar 31ú Lúnasa 2005.

	NOTE	2005 Euro '000	2004 Euro '000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	15	78,993 78,993	71,403 71,403
Sócmhainní Reatha			
Stoc		34	39
Féichiúnaithe	16	2,031	3,842
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		2,801	1,347
Dlíteanais Reatha		4,866	5,228
Creidiúnaithe - Méideanna a bheidh iníoctha laistigh de bhliain	17	(5,393)	(4,547)
Glansócmhainní Reatha Iomlán na Sócmhainní lúide Dlíteanais Reatha		78,466	72,084
Glansócmhainní I bhfoirm		78,466	72,084
Cúlchistí			
Cuntas Caipitil	18	78,989	71,368
Cuntas Forbartha	23	95	95
Cuntas Ioncaim & Caiteachais		(1,330)	(369)
Cúlchiste Srianata	26	712	990
		78,466	72,084

Cuid de na ráitis airgeadais is ea Nótaí 1 - 34.-

